



**Cumann Staire Chontae Thiobraid Árann**

Co. Tipperary Historical Society, The Source Library, Cathedral Street, Thurles, Co. Tipperary, Ireland  
353 (0) 52 616 6123 [society@tipperarycoco.ie](mailto:society@tipperarycoco.ie) [www.tipperarystudies.ie/ths](http://www.tipperarystudies.ie/ths)

d"

**Tipperary Historical Journal**  
**2004**

# Dornán áitainmneacha as ‘Foras Feasa ar Éirinn’

Le Diarmuid Ó Murchadha

## Seathrún Céitinn

Tugadh an sloinne ‘Céitinn’ go hÉirinn ón mBreatain Bheag le linn céadionradh na Normannach, agus i dtús an 13ú aois fuair Robert Keting seilbh ar Dheargráith i ndeisceart Cho. Thiobraid Árann.<sup>1</sup> Sa pharóiste sin, agus in Inis Leamhnachta lastoir de (par. Derrygrath/Inislounaght), d’fhan Muintir Chéitinn mar shealbhóirí anuas go dtí lár an 17ú haois. Cé, go luaitear de ghnáth an Bhuirghéis (Burgess, par. Tubbrid) mar ionad breithe Sheathrúin Chéitinn, de réir an taighde is déanaí, ba é caisleán Bhaile an Mhóraigh (‘Moorstown-Keating’ a sheanainm) i bpar. Inis Leamhnachta, áitreabh a athar, Séamas Céitinn, ag deireadh an 16ú haois, agus ba ann a rugadh é féin agus seisear deartháir leis. Nuair a cailleadh Séamas, c. 1600, d’fhág sé tailte le huacht ag a chlann mhac; fuair an tríú mac, Geoffrey, a chuid i bpar. Dheargrátha. Measann an Dr Cunningham gurbh é siúd an Seathrún a scríobh *Foras Feasa ar Éirinn*, rud a mhíneodh an fáth gur scar sé lena chuid, mar nach raibh gnó aige den talamh tar éis dó iompú ar an sagartóireacht agus ar an saol liteartha.<sup>2</sup>

Is ríthábhachtach an t-eolas seo, toisc go mbaineann roinnt de na háitainmneacha a phléifear san aiste seo leis an dá pharóiste úd, Deargráith agus Inis Leamhnachta, atá suite in oirdheisceart Cho. Thiobraid Árann, idir Cluain Meala agus Cathair Dhún Iascaigh. Cé gur labhair an Céitinneach – agus é ag trácht ar Dhonnchadh mac Briain Bhóraimhe – go drochmheasúil faoi ‘... An beoloideas fós atá ag a lán de thuatadhaibh ... ní héidir an scéal-so do bheith firinneach’,<sup>3</sup> ag an am céanna tuigimid ó thagairtí fánacha go raibh cur amach maith aige ar bháloideas a cheantar dúchais. Ceantar fíor-Ghaelach ba ea é, i Maigh Fheimhin na bhfinscéalta, sean-áitreabh Dhéise Thuaiscirt.

Is mór an chreidiúint atá ag dul don Chéitinneach as an meas agus an mórchion a bhí aige ar an nGaeilge agus ar na seánraidsíúin, an uair a bhí a chomhchléirigh agus lucht a chomhaimsire, go háirithe iad siúd a oileadh thar lear, ag casadh ar an Laidean ina gcuid scríbhinní, daoine ar nós John Colgan, Peter Lombard, John Lynch, Thomas Messingham agus Luke Wadding. Agus ní amháin gur fhan sé dílis don Ghaeilge ach trína chuid phróis chothaigh sé stíl fhoirfe chlasaiceach a mhair mar eiseamláir ag scríbhneoirí na Gaeilge go ceann beagnach trí chéad bliain. Ba é an chéad scoláire é (ó aimsir an Leabhar Gabhála i leith) a thug faoi stair na hÉireann a riomhadh i dteangain na hÉireann, lánchuntas iomráiteach a chothaigh idir eolas agus mheas ar ár seanchas traidisiúnta anuas go dtí an lá atá inniu ann.

Saothar fairsing cuimsitheach atá i FFÉ, ach saothar ceannródaí é chomh maith, agus mar is gnáthach lena leithéid, baineann a chuid lochtaí féin leis. Ó thaobh na n-áitainmneacha de, tá na mílte liostaithe ag an Duinníneach ina innéacs in Iml. 4 de FFÉ, agus tá leasúcháin ar roinnt díobh sin á moladh in alt eile agam. Ach is é is mian liom a dhéanamh san aiste seo ná aire a dhíriú ar chinn atá mórluachmhar de bhrí nach bhfuil siad ar fáil i bhfoinsí eile. Tá siad sin leagtha amach i dtrí roinn agam, mar leanas: (1) Tagairtí ón mbáleoides (2) Ionaid ríoghtha (3) Teorainní na ndeoisi.

(Is iad na noid is mó a bheidh in úsáid agam ná: bf.= baile fearainn, par.= paróiste, bar.= barúntacht, d.= deoise, t.= teorainn).

## Béaloideas

(A) Lughaidh mac Con (ii, 286). Díol spéise faoi leith an chaoi ina ndéantar scéal bháis an laoich seo a nascadh le dinnsheanchas an cheantair, mar leanas:

(1) *Ard na nGeimhleach*. Ba shin an cnoc a raibh Feircheas ag fanacht ann sular mhabraigh sé Lughaidh. Bhí an Céitinneach in ann a insint dúinn gurbh ionann é agus An Chnocach, i.e. bf. Knockagh, par. Caher (Cathair Dhún Iascaigh, siar ó Dheargráith). Ní dócha go raibh dearmad air ina thaobh sin, ainneoin go ndúirt Seán Ó Donnabháin gur ‘Ard Feirchis’ seanainm an chnoic de réir an Leabhar Gabhála<sup>4</sup> – tagairt nár éirigh liom a aimsiú sa Leabhar Gabhála ná in aon áit eile.

(2) *Áth na gCarbad*. B’fhéidir gur tháinig mearbhalla ar an gCéitinneach i leith an ainm seo nuair adúirt sé gur ‘láimh le Deargráith i Maigh Feimhean don leith thiar d’Ath na gCarbad’ a maraíodh Lughaidh. Is cosúil go raibh Áth na gCarbad amháin ar an Lainneán, in aice le seanchill Theampall Mhíchíl,<sup>5</sup> agus ceann eile, síltear, ag Carbine Bridge i bpar. Mhaigh Dheisil (Moëleshil),<sup>6</sup> ach tá siad san ar theorainn Cho. Chill Chóinnigh, tamall maith soir ó Dheargráith. Theip ar an Donnabhánach (1840) aon tuairisc ar ainm dá leithéid a fháil ó mhuintir Dheargráthá.<sup>7</sup> Seans go ndearna an Céitinneach Áth na gCarbad a mheascadh le hÁth Bó Deirge, áitainm eile atá ceangailte le Maigh Fheimhin i scéal Inneoin na nDéise (féach thíos).

(3) *Gort an Óir*. Ba é ionad bás do Lughaidh, adeirtear linn, ná ‘... cairthe cloiche ar Ghort an Óir láimh ré Deargráith ... Gort an Óir ghairtear don Mhaigh ar ar marbhadh Mac Con ón am soin ale ó n-ar bronnadh d’ór lais-sean d’eigsibh agus d’ollamhnaibh ann’. Ach ní instear go díreach dúinn cá raibh an gort, cé gurb iontuigthe narbh fhada ón Deargráith féin é i. ón ráith mhór díreach lastuaidh den seanchill, ní foláir. Ainneoin go ndúirt ár n-údar gur mhagh a bhí i gceist, ní foláir nó taibhsíodh do dhuine amháin go raibh ór i bhfolach sa ráith féin. Nuair a thug Seán Ó Donnabháin a chuairear an áit, thug sé faoi deara go raibh poll móir, naoi dtroigh ar dhoimhneacht, i lár na seanráthá. Insíodh dó gur iarshealbhóir a rinne an tochait leathchéad bliain roimhe sin.<sup>8</sup> Ach níor thug béaloideas an cheantair aon leid dó maidir le suíomh Ghort an Óir, cé gur scríobh sé ní ba dhéanaí: ‘This place is still pointed out near the fort of Dearg-Rath’.<sup>9</sup>

(B) Ionnarba na nDéise (ii, 316–18). Tá leaganacha éagsúla ann de scéal díbeartha na nDéise ón Teamhair,<sup>10</sup> ach i dtaca leis an gcoimhlint idir Osraighe agus Déise a lean an díbirt, luann an Céitinneach ainmneacha áitiúla, mar leanas:

(1) *Dún Uí Fhaoláin*. Bhí an dún seo, adeir sé, ‘ar bhruach na Siúire don leith thiar d’Inis Leamhnachta’. Is fíor go mbíodh ríthe dar sloinne Uí Fhaoláin ar Dhéise tráth, ach ba shin breis agus cúig chéad bliain i ndiaidh ré Aonghus mhic Nadfraoch (a ainmnítear sa scéal). Lorgaigh an Donnabhánach suíomh an dúin ar bhruach na Siúire, ach níor éirigh leis é a aimsiú: ‘the name does not exist at this day and there is no fort or feature with which it could be identified’.<sup>11</sup> Is léir nach bhfuair an Canónach de Paor tuairisc ar dhún ná ar ainm ó chainteoirí dúchais ach oiread, ach luann sé cuntas ón Rev. D.B. Mulcahy (a scriobhadh sa *Clonmel Nationalist* c. 1886) adúirt go raibh carraig ar bhruach na Siúire (i mbf. Loughtally) darbh ainm ‘Malcom’s Rock ... known to Irish speakers as Dún Uí Fhaoláin’.<sup>12</sup> Níor mhór breis fhianaise a bheith againn sa chás seo, ach b’fhéidir go raibh an ceart ag an Ath. Ó Maolchatha, agus an Céitinneach chomh suite de go raibh a leithéid ann: ‘is ris ráidh tear aniu Dún Uí Fhaoláin’.

(2) *Baile Urlaidhe*. ‘Gonadh ón mbriseadh tugadar ar Aonghus [Osraighe] ráidh tear Baile Orluidhe ... ó urluidhe na laoch san chomhlann’. (Ciallaíonn ‘urlaidhe’ bualach ná leadradh, ach d’imigh an Duinníneach ar strae anseo ina aistriúchán – ‘long hair of the warriors’).<sup>13</sup> Ina innéacs do FFÉ, ní fhéadfadh an Duinníneach aon ‘Ballyorley’ a aimsiú ní ba ghaire ná an ceann

in aice le Guaire, Co. Loch Garman. Ach bhí ceann i bpar. Inis Leamhnachta sa 17ú haois.<sup>14</sup> Ós na teorainní a tugtar don bhf. úd sa Civil Survey is léir gurbh ionann é agus bf. Barn Demesne an lae inniu.<sup>15</sup>

(3) *Mullach Inneona*. Nasctar an áit seo le Baile Orluidhe sa chuntas; gan amhras is ionann é agus bf. Mullaghoney i bpar. Newchapel (atá ar imeall thuaidh phar. Inis Leamhnachta; tá cuid bheag de bhf. Barn Demesne sa phar. sin leis). Cé gur litrigh an Céitinneach i gceart é, níor thuig sé brí an ainm; shíl sé gurbh é an focal ‘aimhdheoin’ a bhunús ‘... ón tathfann aimhdheonach do rinneadh ar Osruighibh as go Laighnibh’. Is cosúil narbh eol dó an tagairt úd i ndinnsheanchas Locha Léin – scéal an ghabhann a mhair faoi uisce an locha agus a theilgeadh gach oíche a inneoin i dtreo oirtheard Mumhan:

*dia indeóin, focherrded-se / uad co hindeóin na nDéise . . .  
i crích na nDéise dia deoin, / maraid dia ése a indeóin.*<sup>16</sup>

Ó tharla gurbh é Mullach Inneona an t-aon bhf. sna Déise go bhfuil ‘inneoin’ mar chuid dá ainm, tá sé nach mór cinnte gurb ionann é agus ‘Inneoin na nDéise’.

(C) *Bóthar na Mias* (iii, 66). Más eol do chách scéal an eachtra trínar fhuadaigh Colmán naomh béile de chuid Ghuaire rí, a bhúochas san don Chéitinneach a chéad-fhoilsigh an traidisiún. Ach ní raibh gach duine ar aon intinn leis i dtaobh miontuairiscí ann, mar shampla, John Colgan, adúirt go raibh dearmad ar ‘Seuerinus Ketinus’ an uair a mheas sé gur bheirt deartháir iad Colmán agus Guaire.<sup>17</sup> Agus in eagráin den scéal a cuireadh i gcló 1857–60, tá nóta ó T.L. Cooke: ‘Bóthar na mias, or, as the people call it, Bóthar leanailteach na mias, ‘the road of following the dishes’ . . .’.<sup>18</sup> Ach bhí Seán Ó Donnabháin an-tógha leis mar scéal, rud a léirigh sé ina chuntas ar Dhún Guaire (sa litir ar phar. Chinn Mhara),<sup>19</sup> agus marcáladh ‘Bohernamias’ ar an gcéad léarscáil 6” SO (Co. an Chláir 6) mar mhionscar de bhf. Keelhill, par. Carran, bar. Bhoirne.

(D) *Ceall Bhrighde* (ii, 406). Baineann an t-ainm seo le scéal an imris idir Niall Naoighiallach agus Eochaíd, rí Laighean. Ceanglaíodh Eochaíd ‘don chairthe chloiche atá ré a fhaicsin don leith thiart don tSláine idir Chill Bhrighde is Tulaigh Ó bhFeidhlimidh’. Níor thug an Duinníneach suíomh Chill Bhrighde dúinn, ach is léir gurb ionann é agus bf. Kilbride, par. Áth Fhadhad / Barrach (Aghade / Barragh), bar. Fhotharta (Forth), Co. Cheatharlach. Seanscéal é seo (*De aidid Laidgind . . . 7 de aidead Neill*) atá ar fáil i Leabhar Bhaile an Mhóta (134b37–51) agus i Leabhar na Nuachonghbála (393b31–54) ach ba é an Céitinneach a thug an suíomh dúinn. Dála an scéil, tá an cairthe úd fós ina sheasamh i mbf./par. Áth Fhadhad; ‘Cloch an Phoill’ a ainm, ‘Cloghaphile’ ar an léarscáil. Tugann Eoghan Ó Comhraide cuntas ar an áit (a thug duine dar shloinne Ryan dó, 1839): ‘. . . a tradition that a son of one of [the] Irish Kings was chained to this stone’.<sup>20</sup>

(E) *Ceall Chaomháin* (i, 28). Traidisiún eile atá anseo, gur baisteadh an leasainm ‘Caomhánach’ (ónar shíolraigh an slóinne) ar Dhomhnall, mac le Diarmuid na nGall, toisc gurbh i gCill Chaomháin a bhí sé ar altramas. Pé acu fíor nó bréag sin, is cosúil gurbh é an t-ionad a bhí ina cheann ag an gCéitinneach ná bf./par. Kilcavan, i mbar. Ghuaire, Co. Loch Garman. Cé go ndeir sé gurbh ‘in íochtar Laighean’ a bhí an áit, is léir nach tuaisceart (an ghnáth-chíall) atá i gceist aige, ach deisceart; ní ba dhéanaí chuir sé Beigéire (i gCuan Loch Garman) in íochtar Laighean chomh maith (iii, 102).

(F) *Poll Tighe Liabháin* (ii, 324). I measc na séadchomharthaí (a bhí fós le feiceáil) a fuair ainm ó Fhionn agus an Fhian, d'ainmnigh an Céitinneach 'Leabaidh Dhíarmada Uí Dhuibhne agus Ghráinne ag Poll Tighe Liabháin i nUíbh Fiachrach Eadhne, dá ngoirtear Dúthaigh Uí Sheachnasáigh aniu'. I gCeinéal Aodha na hEachtgha a bhí an dúthaigh sin, i ndeisceart Cho. na Gaillimhe, bar. Kiltartan inniu. Ba mhinic a thugtaí an t-ainm 'Leaba Dhíarmada agus Ghráinne' ar dholmain go mbeadh clocha ollmhóra inti, agus ní heol dom ach uaigh ársa amháin den tsaghas sin i mbar. Kiltartan. I bpar. Chill Tomáis (Kilthomas) atá sí, i mbf. Greanach (Grannagh) agus 'Giant's Grave' a hainmanois. 'A dilapidated cist' a thug Macalister (1917) uirthi.<sup>21</sup> Is dócha gur in aice leis an uaigh sin a bhí Poll Tighe Liabháin; níorbh eol don Duinníneach cá raibh sé, ach dob eol dó go n-úsáití an t-ainm i mbéaloideas na Mumhan chun ball i bhfad siar a chur in iúl: 'Siar go Poll T. L.' means 'ever so far west'.<sup>22</sup>

### Ionaid Ríoghtha (iii, 10–14)

Tugann cuntas an Dr Cunningham mionléargas dúinn ar an mbéim a leag an Céitinneach ar thábhacht na ríthe i Ríocht na hÉireann, ó ré na páigantachta anuas go dtí a aimsir féin (agus a rí féin, Séarlas I).<sup>23</sup> Ríogaí go smior a bhí ann. Ní fios cár aimsigh sé an t-eolas spéisiúil a thugann sé ar an gcaoi ina ndéantaí cumhacht a bhronnadh ar ríthe; ní foláir nó ba sheanchuntas éigin a bhí mar bhunleagan aige. Cuireann sé síos ar an siombalachas a bhain leis an slat bhán a chuirtear i lámh an rí, ainmníonn sé na ríthe ba mhó le rá, na hoifigigh a dhéanadh an 'gaireadh', agus 'maruscal sluaigh' gach rí díobh. Seo iad na hionaid ina ndéantaí an ríoghadh, de réir mar a thugann sé iad:

- (1) Teamhair (ar Leic na Ríogh): Rí Éireann.
- (2) Tulach Óg: Ó Néill.
- (3) Cill mic Creannáin (Ceall mac n-Éanáin): Ó Domhnaill.
- (4) Magh Adhair: Ó Briain.
- (5) Lios Beannchair: Mac Carthaigh.
- (6) Cnoc an Bhogha: Mac Murchadha.
- (7) Leac mic Eochadha: Uí Cheinnsealaigh.
- (8) Dún Caillighe Béirre: Ó Brain.

Maidir le huimhreacha 1–4 ar an liosta, tá cáil fhorleathan cheana féin orthu agus ní gá tuilleadh a rá ina dtaobh. Is iad na cinn sa dara leath (5–8) go bhfuilimid faoi chomaoín ag an Céitinneach fúthu, mar nach bhfaightear i bhfoinsí eile iad:

(5) *Lios Beannchair*. Is léir nach ag Caiseal Mumhan, sean-áitreabh ríthe Eoghanachta, a ghairtear Mac Carthaigh (Mór). Ó tharla gurbh iad Ó Suilleabhaín Mór agus Ó Donnchadha Mór a luitear mar oifigigh ríoghtha aige, is cinnte gurbh i ndeisceart Cho. Chiarraí a bhí an lios úd, agus gur thréimhse éigin idir na blianta 1300 agus 1600 a bhí i gceist. Maidir le suíomh an ionaid, níl ach bf. 'Lisbanagher' amháin sa tir inniu, agus tá sin i gCo. Shligigh. Níor éirigh liom aon rian den ainm a aimsiú i measc sean-cháipéisí a bhaineann le Co. Chiarraí. Má bhí a leithéid d'ainm ann, is dócha gurbh ainm leasa é, mionainm atá caillteanois.<sup>24</sup> Tá tuairim ann gur i gceantar Chathair Shaidhbhín a bhí an lios,<sup>25</sup> ach ní heol dom aon fhianaise a chinnteoibh sin.

(6) *Cnoc an Bhogha*. Ba í tuairim Hogan gurb ionann an áit seo agus bf. Knockavocka i bpar. Chill Chormaic (Kilcormack), Co. Loch Garman,<sup>26</sup> agus tá dealramh leis sin mar, cé go bhfuil an par.

sin i mbar. Ghuaire, tá sé teorantach le par. Fhearna, príomh-áras Mhic Mhurchadha. 'Ó Nuallán do ghaireadh é, ... Ó Deoradháin a bhreitheamh, agus Mac Eochadha a ollamh re dán'. Is aisteach an scéal é go n-ainmnítear ionaid faoi leith ag Mac Murchadha agus ag Uí Cheinnsealaigh, nuair ba chomhionann, a bheag nó a mhór, an dá ghairm ó tháinig Diarmaid mac Maoil na mBó i réim i lár an 11ú haois. An amhlaidh a dhéantaí dhá ríoghadh i leith an fhír chéanna, ceann ag Cnoc an Bhogha mar thaoiseach ar Chlann Mhurchadha agus ceann eile mar rí ar Uí Cheinnsealaigh uile ag an ionad atá luaite thíos?

(7) *Leac Mhic Eochadha.* Ba mhó fós an ceangal idir Mhac Eochadha agus an t-ionad seo – 'Ar Leic mic Eochadha do gairthí tighearna Cinnsiolach, agus Mac Eochadha do ghaireadh é'. Ní luaitear oifigeach ar bith eile. Is léir nach mbaineann an cuntas seo leis an tréimhse sular tháinig Clann Mhurchadha i réim, mar nach mbeadh an sloinne Mac Eochadha in úsáid chomh luath sin. I dtuaisceart Cho. Loch Garman is mó a bhí tailte ag Clann Eochadha sa 16ú haois, go háirithe ag 'Pallice' (bf. Pallis Lr /Pallis Upr / Pallishill, i bpar. Kilnenor, i mbar. Ghuaire).<sup>27</sup> Tá an-chosúlacht air gur ar Pallishill, cnoc atá 912' ar airde, a bhí an leac úd. Sa bhliain 1592 chuir Mac Murchadha (Art mac Diarmada) agus a lucht leanúna a n-ainmneacha le dintiúr (a bhain le riaráistí cíosa) 'at the Hill of Lacke M'Keghoe'.<sup>28</sup>

(8) *Dún Caillighe Béirre.* Ó tharla trí ionad luaite le Laighin (agus Connachta fágtha gan tagairt ar bith), tá sé beagnach cinnte gurb é deisceart Chúige Laighean log an liosta seo, agus ó ainmníodh Clann Eochadha sa trí chás, is cosúil gur duine den aos dána úd a chéad-chum é. Filí Laighneacha ab ea Clann Eochadha; déantar trácht sna hannála orthu ón 15ú haois – Dubhthach (1415) agus Fearghal (1480)<sup>29</sup> – agus is d'Uí Bhrain ba mhó a ndílseacht. Sa *Leabhar Branach*<sup>30</sup> mar a bhfuil 73 cinn de dhánta molta ar na Branaigh, ba iad Clann Eochadha a chum 34 síombh sin. Ar ndóigh, dánleabhar Ghabhal Raghnaill é, fo-ghéag desna Branaigh a tháinig i dtreis nuair a bhí Fiach mac Aodha i réim, ag deireadh an 16ú haois. In oirtheas Cho. Chill Mhantáin a bhí an phríomh-ghéag, i gCríoch Bhranach idir Dheilgne agus an t-Inbhear Mór. Dúnáras chomh maith le hionad ríoghtha ba ea Dún Caillighe Béirre, rud is iontuigthe ó ghinealach den 17ú haois i gColáiste na Tríonóide dar teideal: *ag so seanchus i bhruin dhuin chaillidh béaradh.*<sup>31</sup> Tá an suíomh aitheanta ag Liam Price, .i. bf. Downs, par. Kilcoole, bar. Newcastle, in oirthuaisceart an chontae.<sup>32</sup> Go bhfios dúinn, ba é an ríoghadh deireannach a tharla ann ná an ceann a bhfuil trácht air in ARE s.a. 1578: *o broin do ghairm do dhúnlang mac emainn uí bhoirn.*<sup>33</sup>

### Teorainní Deoisí (iii, 302–06)

Níl aon ghné de FFÉ is mó a thuilleann ár mbuiochas, dar liom, ná an léargas sainiúil a thugtar dúinn ar imeachtaí shionad Ráith Breasail a tionóladh sa bhliain 1111, mar ar tugadh an chéad iarracht ar theorainní rialta a leagadh síos do dheoisí na hÉireann. As *Leabhar Chluana Eídheach* a thóg an Céitinneach an leagan úd, leabhar nach bhfuil ar fáil a thuilleadh agus nár bhain scoláire ar bith eile, is cosúil, an t-eolas sin as. Mainistir cháiliúil ba ea Cluain Eídheach iniarthar Cho. Laoise, tuairim is 25 míle slí ó shuíomh Ráith Breasail i gCo. Thiobraid Árann.<sup>34</sup> Luaitear den chéad uair sna hannála í sa bhliain 603, agus idir sin agus 1071 feicimid seacht gcinn déag de thagairtí don áit in ARE. I ndiaidh theacht na Normannach, ní chloistear a thuilleadh faoin mhainistir, ach bhí eaglais pharóiste ann anuas go dtí an 17ú haois. Ní fios cá raibh an láimhscribhinn ar coimeád ón 12ú haois anuas, ná cén aois lenar bhain an chóip a bhí á húsáid ag an Céitinneach.

Tá dhá leagan den chuid seo de FFÉ i gcló, ceann an Duinnínigh (1908) agus ceann eile leis an Ath. Eoin Mac Giolla Éain (Fr John Mac Erlean, SJ), an té a chuir eagarr ar dhánta an Chéitinnigh ag túis an chéid.<sup>35</sup> In *Archivium Hibernicum* a fhoilsigh sé an t-eagrán fíor-scolártha seo, téacs cruinn cúramach ann agus innéacs cuimsitheach mar agusín leis.<sup>36</sup> Ní amháin go dtugann sé suíomh na n-áiteanna éagsúla go beacht ach iníúchann sé gach theorainn faoi seach ó thaobh na staire de. Ceithre theorainn de ghnáth a luaitear le gach deoise, na ceithre hairde, d'fhéadfaí a rá, ach go mbíonn breis ar uairibh, agus i gcás amháin tugtar ceithre cinn déag. (Ba shin Luimneach, fairche Leagáid an Phápa, Giolla Easpaig (Gilbertus), an té a bhí i gceannas ag sionad Ráith Breasail).

Is é atá á dhéanamh agamsa anseo ná innéacs Mac Erlean (MacE) a leanúint agus aon eolas breise a cuireadh ar fáil ó 1914 i leith a bhreacadh síos. Maidir le formhór na suíomh (thart ar 90%) níl leasú ar bith le moladh agam.

*Bealach Carcrach* (t. thoir d. Leithghlinne). Níor éirigh le MacE. an t-ionad seo a aimsiú, ach cheap sé gurbh i gCo. Chill Dara a bheadh sé. Tá sé cinn de theorainní (i. trí líne) leagtha amach don d. seo: (1) ó Shl. Bladhma go Sl. [Sh]uidhe Laighean (soir o dheas) (2) ó Shl. Mairge go Bealach Carcrach, agus (3) ó Bhealach Mughna go Teach Moling (ó dheas). Is léir gur soir díreach a théann an dara líne, ó dheisceart Cho. Laoise go lár Cho. Chill Mhantáin, mar a bhfuil dosaon paróistí fós i nd. Leithghlinne. Par. Moyne an ceann is sia soir, agus gar dá theorainn san tá cnoc Log na Coille. Ar chliathán thiar-thuaidh an chnoic tá log mór darb ainm, de réir Liam Price: 'North Prison . . . It may be that this was called *carcar*'.<sup>37</sup> (Níos faide amach deir sé: 'Bealach Carcrach . . . was probably in what is now the parish of Moyne').<sup>38</sup> Is cosúil gur ar bhealach trí na sléibhte ansiúd a tugadh an t-ainm. Tá scéal san 'Agallamh Beag' a léiríonn dinnsheanchas an ainm: *teighem co carcair glais mic mhongaidh . . . Eirgit iar sin 7 iadhair dorus na huamadh. bealach na corcrach a ainm o sin ale.*<sup>39</sup>

*Bealach Mughna* (t. thuaidh d. Leithghlinne) Tugann MacE. an ghnáth-thuairim i dtaobh na háite seo, gurb ionann é agus bf./par. Ballaghmoon, Co. Chill Dara, ach ansin tagraíonn sé do thuairim Hogan san *Onomasticon Goedelicum* chomh maith, gurbh ionad 14 mhíle ó dheas é, in Uí Dhróna. Ainneoin a ndeir Hogan, tagann t. Ráith Breasail go beacht le t. an lae inniu; níl ach cuid bheag de phar. amháin i gCo. Chill Dara atáanois i nd. Leithghlinne, i. Painestown, atá i gcóngar phar. Bhealach Mughna.

*Clochán na hImrime* (t. thiar d. Daimhliag; t. thoir d. Chluain Ioraird). Is ion dual, go háirithe sna cinn luatha, gurb é an t. deiridh i nd. amháin a úsáitear mar chéad t. an d. ina dhiaidh (e.g. 1/2, 2/3, 4/6, 6/7). Ba mhar sin, dar liom, do Dhaimhliag ('ó Lochán na hImirme soir go fairrge'), agus Cluain Ioraird ('ó Chlochán siar go Sionainn') i. gurbh ionann an dá áit, ach gur cailleadh 'C' i gceann amháin (rud a tharlódh go furasta in abairt mar \*oc clochán > \*occ lochán). Ní aontaím le MacE anseo, a phléigh mar dhá ainm ar leith iad. Féach an cuntas i *Chronicum Scotorum* ar shionad Uisnigh a tionóladh go gairid i ndiaidh shionaid Ráith Breasail, díreach chun ceist seo deoisi na Midhe a shocrú. Úsáideadh an t-ionad dealaithe céanna: *o Clochan andimrim siar d'Epscop Cluana muc Nois, ocus ota an Clochan cedna sair d'Epscop Cluana Iraird.*<sup>40</sup> Mar a cheap Hennessy, agus mar a léirigh Pól Breathnach ní ba dhéanaí,<sup>41</sup> is é áit a bhí i gceist ná bf. Cloghanumera, par. Ráith Conaill (Rathconnell) i gCo. na hIarmhí.

*Colbha Gearmainn* (? t. thoir-thuaidh d. Dhún dá Leathghlas). Níor éirigh le MacE (ná leis an Duinníneach, ná le Hogan) suíomh na háite seo a aimsiú. Bhí de dheacracht ann gur

snaidhmeadh t. d. Chóinnire agus an Dúin le chéile go mícheart (féach Ollarbhá thíos) agus fós nach raibh aon trácht ar d. an Droma Mhóir sa liosta. Ach má ghlactar leis gurbh iad t. d. Dhún Dá Leathghlas ná: ‘ó Ollarbhá go Cuan Snámha hAighne, is ó Ghlionn Righe go Colbha nGearmainn’, is léir go sínfidh an chéad líne díreach ó dheas (go Loch Cairlinne) agus an dara ceann soir ó thuaidh trí Cho. an Dúin ar fad, ó Ghleann Righe (in aice leis an Iúr) go dtí an fharraige i bpar. Bheannchoir. Is é an ball is sia ó thuaidh sa phar. sin ná Copeland Island, agus is ait liom nár smaoinigh éinne air sin mar Cholbha Gearmainn, go háirithe ó luaigh Reeves nóta ina thaobh a fuair sé ón Donnabhánach: ‘... it must be a natural rock like the Torrs of Donegal’.<sup>42</sup> Sloinne ó Shasana, ar ndóigh, is ea Copeland; bhí Willelmus de Coupeland i dtuaisceart na hÉireann roimh dheireadh an 12ú haois.<sup>43</sup> Ceaptar go raibh ainm ag na Lochlannaigh ar an oileán leis – *Kaupmanneyjar*.<sup>44</sup> Ach is cinnte go mbíodh ainm Gaeilge air chomh maith – i mo thuairimse ba é Colbha Gearmainn an t-ainm sin. Ar luathchait de Loch Lao (c. 1570) tugtar ‘Helaine Harr[on]e’ mar ainm ar an oileán (nó na hoileáin); measann eagarthóirí *PNNI* go mb’fhéidir gur leagan é sin de \**Oileáin Árann*.<sup>45</sup> Ach, munar thuaplís chaitghrafaí é sin (féach gur luaithe (1567) an fhoirm Bhéarla – ‘Copland ylles’ – ar léarscáil Goghe) b’fhéidir leis gur fhoirm thruaillithe é de \**Oileá(i)n Ghearmainn*.

*Cros Ghréine / Grian Airbh* (t. thiar d. Chill Chóinnigh; t. thoir d. Chaisil). Faighimid tagairt don áit seo sna hannála: *Ar nEoghanacha la hOsraighe i nGréin Airbh*.<sup>46</sup> Ba é nóta an Donnabhánaigh leis sin ná ‘Now Greane, in the barony of Crannagh, and county of Kilkenny’, rud a chuir MacE ar strae: ‘now Greane Hill (or Greenhill) in p. of Killahy, bar. of Crannagh’. Ach tá par. eile idir Killahy agus t. Thiobraid Árann, .i. Tubbridbritain, agus is sa phar. sin, de réir Owen O’Kelly, atá an cnoc úd, i mbf. Ballynascarry (*Baile na Scairbhe*): ‘Part of Graine Hill called Cros na gréine, a cone-shaped eminence proverbially sunny is here on the Tipperary border, marching the Munster river at an altitude of 528’ from which there is a fine view’.<sup>47</sup> (Tugtar faoi deara gur bhéaloideas an cheantair é seo, gan aon tagairt dosna hannála aige).

*Cuaille Cian(n)achta* (t. thiar-thuaidh d. Ard Macha). Leanann MacE lorg Reeves a dhearbhaigh go raibh an áit seo – agus Sliabh Larga – araon i mbf. Foremass (Lr/Upr) i bpar. Aireagal Ciaróg, bar. Chlochair, Co. Thír Eoghain.<sup>48</sup> Ach níl ardchnoc ar bith sa dúthaigh sin, agus níor aontaigh scoláirí eile ó shin le tuairim Reeves (ná lena chéile). Cheap P. Ó Maolagáin gurbh ionann é agus ‘Stick Hill’ i mbf. Finglen, par. Banagher, bar Loughinsholin, Co. Dhoire.<sup>49</sup> Ach bhréagnaigh S. Ó Ceallaigh é sin agus chuir sé an Cuaille ar chnoc darb ainm Mullaghacoula (*Mullach an Chuaille*) i bpar. Lissan ar an t. idir Cho. Dhoire agus Co. Thír Eoghain.<sup>50</sup> Tar éis dó na tuairimí go léir a phlé, mhol C. Devlin ceann breise dá chuid féin, .i. bf. Keenagh, par. Kilcronaghan, bar. Loughinsholin, Co. Dhoire.<sup>51</sup> Ach b’fhearr liom féin an réiteach a rinne B. Ó Ciobháin,<sup>52</sup> de thoradh mhionscrudaithe ar na seantagairtí éagsúla, gur chnoc é darb ainm Oughtmore (*Ucht Mór*)<sup>53</sup> i gcomhrac trí bhar. – Cianachta agus Loch Inis Uí Fhloinn i gCo. Dhoire, agus An Srath Bán i gCo. Thír Eoghain (Keenagh, Loughinsholin, Upr Strabane). Dúirt cuid de na húdair gur dócha gur chuaille teorann a thug ainm don áit, agus is deas mar a thagann réiteach Uí Chíobháin díreach ar an bpóinte is sia ó dheas i gcríoch Chianacht (bar. Keenagh). Maidir leis an tagairt do Chuaille Cianacht atá in ARE (s.a. 1157) táthar ar aonfhocal go raibh an ceart ag an Donnabhánach, adúirt gurbh ionann é agus bf. Coolkeenagh, par. Faughanvale, bar. Tirkeeran,<sup>54</sup> áit atá ar bhruach Loch Feabhail i gCo. Dhoire, ró-fhada ó thuaidh le haghaidh t. d. Ard Macha.

*Loch Craoi* (t. theas d. Ard Sratha). Níl d. Ard Sratha ann a thuilleadh; is cuid de d. Dhoireanois é. Maidir le ‘ó Loch Craoi go Beinn Foibhne’, tá cáil ar an dara áit sa dinnsheanchas,<sup>55</sup> agus fios a shuímh againn, i. Benyevenagh, cnoc i dtuaisceart Cho. Dhoire. I gcás Loch Craoi, thuairimigh MacE go raibh baint aige leis an gCraoilbh a fhaightear i gcuantas Uí Chianáin.<sup>56</sup> Ach bhí an áit sin cóngarach do Dhún Geanainn, ró-fhada soir. Mheas P. Ó Gallachair gur Lough Lee an áit i gceist,<sup>57</sup> loch i mbf. Curraghmacall, par. Longfield W., bar. Omagh W.; tá an suíomh oiriúnach, ach is deacair ‘Craoi’ a cheangailt le ‘Lee’. Is dóigh liomsa gurb ionann Loch Craoi agus Loughnacree i mbf. Altdrumman, par. Termonmaguirk, i gCo. Thír Eoghain, taobh thoir den Ómaigh.<sup>58</sup> (Tá an par. sin i nd. Ard Mhachaanois, ach ar t. d. Dhoire). B’fhéidir gur ginideach é *craoi* den bfocal *cró/crú*, i. ‘fuil’.

*Ollarbha* (t. theas d. Choinnire; ? t. thuaidh d. Dhún Dá Leathghlas). Is cinnite, nach mór, go ndearna scríobhaí éigin botún sa liosta ag an bpointe seo. Maidir le d. Dhún Dá Leathghlas, ní raibh d’eolas ag an gCéitinneach ach: *ní faghlhar san tseinleabhar a thórannacht*. Ach mar a mhínigh Charles MacNeill<sup>59</sup> – rud ar ghlac MacE go hiomlán leis – ainmnítear seacht gcinn de theorainní le d. Choinnire, agus má ghlactar leis gur cailleadh ‘Ollarbha’ amháin (trí homoeoteleuton), is iad t. d. Dhún Dá Leathghlas atá againn sa dara leath. Maidir le suíomh Ollarbha féin, ghlac MacE le tuairim Reeves, gur ‘r. Inver or Larne Water’ a bhí ann,<sup>60</sup> ach tá fianaise ar fáil a léiríonn gurbh ionann é agus Six Mile Water, a ritheann isteach i Loch nEachach in aice le baile Aontrama.<sup>61</sup>

*Port Murbhoilg* (t. thuaidh d. Choinnire). Trí theoiric a bhí ag MacE ina thaobh seo: (1) Maghera (Machaire Rátha Murbhuilg), Co. an Dúin (2) Murbholg (Murlough Bay) in oir-thuaisceart Cho. Aontroma (3) Murbholg in aice le Dún Sobhairce (White Park Bay) in iar-thuaisceart Cho. Aontroma. Ba é (3) rogha MacE, mar go raibh (2) ró-ghar do Thorbhuirog (Torr Head), t. eile de chuid Choinnire. Ach i gcás d. Ráith Bhoth, úsáitear Srubh Broin mar bhun dhá líne (ó Eas Ruaidh agus ó Charn Glas faoi seach). Is fearr, dar liom, a réitíonn ‘Murlough Bay’ le ‘Port Murbhoilg’, agus is é sin an réiteach atá ag F. Mac Gabhann (1997) chomh maith.<sup>62</sup>

*Ros Fionnghlaise* (t. thiar d. Chill Dara). Níl aon amhras ann i dtaobh suíomh na háite seo, par. agus sráidbhaille Rosenallis i mbar. Tinnehinch in iarthuaisceart Cho. Laoise. Ach is fiú trácht ar an stair shuimiúil a ghabhann leis an ainm. Ar an gcéad dul síos, is comhartha é nach cóip ón 12ú haois a bhí á húsáid ag an gCéitinneach, mar nach seanaínm eaglaise é Ros Fionnghlaise. ‘Oreugan’ an ainm atá ar an liosta d’eaglaisí a bhain le Spidéileíri Iarúsailleim sa bhliain 1212,<sup>63</sup> agus ‘Oregon’ sa liosta (cánach) c. 1300,<sup>64</sup> i. Uí Riagáin, treabhchas Mhuintir Dhuinn (d’Uibh Fhailghe). Ag an am sin, agus go dtí an bhliain 1639, aon phar. amháin ba ea an tiarnas ar fad (bar. Tinnehinch).<sup>65</sup> Tá an leagan Gaeilge seo le fáil i bhfoinse amháin eile, i nota molta ar Ua Duinn c. 1475: *Ro chuireastar leabhar aitfrinn go Rosfinglas*.<sup>66</sup>

Leanaimis lorg an ainm sna *Calendars of Papal Letters* (1198–1513)<sup>67</sup> mar a bhfuil freagraí ón Róimh ar achainíocha ó Eirinn (agus ón mBreatain) i leith cúrsaí eaglaise (aistrithe ón Laidean ach na háitainmneacha fágtha ina mbunriocht). Faighimid an chéad tagairt don phar. sa bhliain 1400: ‘the perpetual vicarage of Oregon’, ach fiche bliain ina dhiadh sin, ‘the perp. vic. of Rosfynglassy in the diocese of Kildare’ atá ann. (Ní foláir nó tógadh eaglais nua i mbf. Rosenallis i dtosach an 15ú haois). Sa bhliain 1430 tugtar ‘Rosfyndglaisse alias Oregon’ air, agus an bhliain dar gcionn ‘the rectory of Rossyndglaisce’ (? Rosfyndglaisse). Feicimid ainm nua, 1466: ‘parish

church of Kasleaynbreke alias Oregan'. Par. (stáit) ann féin is ea Castlebrack inniu, ach is léir gur chuid (ó thuaidh) de phar. Rosenallis a bhí ann go dtí gur thóg Tadhg mac Laighnigh Uí Dhuinn teach túir nua (*in caisléan breac*) san áit, agus séipéal (*teampall in caislein breic*) in aice leis.<sup>68</sup> Ceanglaítear an dá ainm níos déanáí: 'par. ch. of Rossanclays (? Rossanolays) alias Casleainbreac', 1485; 'Rosynholays alias Casleonbreac', 1489; 'Roscnunolas alias Casleanbret', 1489; 'Casleanbrech alias Rosauoleys' (? Rosanoleys), 1504.

Cad faoi deara an mhalaírt dreacha sa dara leath den 15ú haois? Ní cosúil gur trí shéimhiú a cailleadh an 'f'. Go dtí an lá inniu, is beag consan in áitainm a ghlaçann séimhiú ar an eilimint a leanann 'Ros', agus ní móide go bhfeicfí a leitheid sa 15ú haois.<sup>69</sup> Má chuirtear san áireamh gur imigh an 'g' láir agus an 'e' deiridh chomh maith, is deacair a shamhlú gur 'Fionnghlaise' a bhí sa dara eilimint a thuilleadh – má bhí riabh. Ba mhar an gcéanna d'fhoirmeacha Béarla an 16ú haois, sna Fiants, mar shampla: 'Oregan and Russenall' (1544), 'Oregan and Rossenallis' (1552), agus 'Oregan alias Rossenoles' (1573).<sup>70</sup> Sa chuntas ar Mhuintir Dhuinn a chuir K.W. Nicholls ar fáil, mar seo atá na seanleaganacha: Rossanolaies (1593), Rossenalis (1595), Rossanoliss (c. 1600).<sup>71</sup>

Ba dheacair do na scoláirí ciall a bhaint as an athrú béime. Mar adúirt MacE (1914): 'Rosenallis is usually mispronounced, even locally by placing the accent on the penultimate'.<sup>72</sup> Cuireadh an t-ainm as a chruth, dar le Seán Ó Donnabháin (1838): '... now corruptly mispronounced Rose in Alice', agus rinne sé tagairt do John Colgan (ag a raibh *Ros-analluis*, 1647)<sup>73</sup>: 'only the local pronunciation as sent him by Dr Mageoghagan the then R. C. Bishop of Kildare'.<sup>74</sup> Tá liosta an easpaig úd i gclóanois, áit a léimid: *ecclesia Sanctae Brigidae de Rossanolluis*.<sup>75</sup>

Ní dochá gur 'folk etymology' is cúis leis an gclaochló, mar go bhfuil an dá fhoirm den ainm ró-fhada óna chéile. I mo thuairim féin, is ag Colgan atá an leagan is fearr; creidim gur \*Ros an Allais ab ainm don áit go bunúsach, ach nuair a tógadh eaglais ann (? ag túis an 15ú haois) gur bhaist na heaglaisigh 'Ros Fionnghlaise' air. Féach gurb i scribhinní eaglasta a fhaighimid an leagan sin i gcónaí – litreacha ón Róimh, 1420–1431, agus an dá cheann Gaeilge, i liosta an Chéitinnigh de theorainní deoisi, agus i nota c. 1475, tagairt do leabhar aifrinne ar na bhronnadh. B'fhéidir gurbh í tuairim na cléire gur bhéasaí mar ainm ar eaglais nó ar pharóiste 'Ros Fionnghlaise' ná 'Ros an Allais', ach níor ghá gurbh allas chraicinn a bhí i gceist anseo. Tá planda ann darb ainm *allas Muire* (St John's Wort),<sup>76</sup> luibh go bhfuil cáil an Leighis uirthi leis na ciants, agus tharlódh gurbh uaidh sin a fuair an ros a ainm, ceann gur chloígh muintir na háite leis riabh ó shin.

*Sléibhte* (t. thiar-theas d. Chill Dara). 'Ó Nás go Cumars Chluana hIoraird 7 go Sléibhthibh Ghlinne da Loch' atá sa téacs anseo, agus shíl MacE gurbh iad na sléibhte i gCo. Chill Mhantáin a bhí i gceist. Ach mar a léirigh Liam Price, is cosúil gur trí easordú a shleamhnaigh 'Glinne dá Loch' isteach ón líne ina dhiaidh.<sup>77</sup> Ní raibh baint ag d. Chill Dara riabh le lár Cho. Chill Mhantáin; féach gurbh 'ó Nás go Reachrainn' ceann de t. d. Glinne dá Loch. Is dóichí go mór gurb é Sléibhte (Sleaty) in oirdheisceart Cho. Laoise (in aice le baile mór Cheatharlach) an t., suíomh sheanmhainistreach a raibh clú mór uirthi ón 7ú haois i leith.

*Sliabh Caoin* (? t. theas d. Chill Dálua). Is é an téacs anseo ná: 'ó Shliabh Uidhe an Ríogh go Sliabh Caoin nó go Gleann Caoin'. Is cosúil, sa chás seo, nár fhéad an Céitinneach a shocrú cé acu 'Sl-' nó 'Gl-' a bhí scríofa roimh 'Caoin'. Is cinnte gur Gleann Caoin (Glenkeen), Co. Thiobraid Árann, an áit cheart. Ba é t. theas d. Luimnigh ná: 'Ard Pádraig ba dheas 7 Bealach Feabhradh 7 Tulach Léis', agus is cuid de Shliabh Caoin na háiteanna sin. Mar adeir MacE, is ionann Sliabh Caoin

agus Sliabh Riabhach, ach ní ‘Slievereagh, bar. of Costlea’ amháin a bhí ansiúd; chiallaigh sé an sliabhraon ar fad, na ‘Ballyhoura Hills’ idir Cho. Luimnígh agus Co. Chorcaí.<sup>78</sup> Is léir gur thuig Fearfeasa Ó Duibhgheannáin é sin, mar gur fhág sé ‘Sliabh Caoin’ as an áireamh ar fad ina chóip de FFÉ.<sup>79</sup>

*Sliabh Larga* (t. thuaidh d. Chlochair; t. thoir d. Ard Sratha). Ghlac MacE arís anseo le tuairim neamhchruinn Reeves (féach *Cuaille Cian(n)achta* thusa). Tá na scoláirí thuasluaite ar aonfhocal gurb ionann Sliabh Larga agus ‘Pigeon Top’ an lae inniu, cnoc (980’) atá cuig mhíle laistiar de bhaile na hÓmaí i gCo. Thír Eoghain.<sup>80</sup>

## Notes

1. K.W. Nicholls, ‘The early Keatings’, *The Irish Genealogist*, iml. 5, uimh. 3 (1976) 286-9.
2. Bernadette Cunningham, ‘Geoffrey Keating’s family connections’, *Tipperary Historical Journal* 2002, 59-67.
3. David Comyn, P.S. Dinneen, eag., *Foras Feasa ar Éirinn: The History of Ireland* (4 iml., London 1902, 1908, 1914) iii, 292 (FFÉ).
4. John O’Donovan, eag., *Annala Rioghachta Eireann: Annals of the Kingdom of Ireland* (7 n-iml., Dublin 1856; athchló 1990) i, 110 (ARE).
5. Patrick Power, *Log-ainmneacha na nDéise: The Place-Names of Decies* (Cork 1952) 386.
6. Pádraig Ó Ceárbaill, ‘Áth na gCarbad’, *Ainm* 4 (1989-90) 194-99.
7. Ordnance Survey Letters, Tipperary, ii, 148.
8. Ibid., ii, 128.
9. ARE i, 110.
10. Féach, m. sh., K. Meyer, *Ériu* 3, 135-42; K. Meyer, *Y Cymroddor* 14, 104-35; K. Meyer, *Anecdota from Irish Manuscripts* i, 15-24; R.I. Best, O. Bergin, *Lebor na hUidre* (Dublin 1929) 137-41; S. Pender, *Féilscríbhinn Torna* (Cork 1947) 209-17.
11. OS Lett., Tipp., i, 40.
12. P. Power, *Log-ainmneacha na nDéise*, 263.
13. Cé go ndearna sé idirdhealú ar *urla* (gruaig) agus *urlaidhe* ina fhoclóir féin (P.S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dublin 1927) 1302).
14. Féach ‘Ballyorley’, S. Pender, *A Census of Ireland, circa 1659* (Dublin 1939) 313, agus ‘Balliorlea’, W. Petty, *Hiberniae Delineatio* (London 1685)..
15. R.C. Simington, *The Civil Survey A.D. 1654-1656: County of Tipperary* i (Dublin 1931) 309.
16. Edward Gwynn, *The Metrical Dindshenchas* (Dublin 1913; athchló 1991) iii, 262.
17. John Colgan, *Acta Sanctorum Veteris et Majoris Scotiae seu Hiberniae* (Louvain 1645) 248.
18. *Transactions of the Ossianic Society* v (1857-60) 120.
19. OS Lett., Galway ii, 61-2.
20. OS Lett., Carlow, 123.
21. *Proceedings of the Royal Irish Academy* 33 (1917) 509.
22. FFÉ iv, 421.
23. B. Cunningham, *The World of Geoffrey Keating* (Dublin 2000) Caib. 8.
24. Tá bailiúchán ollmhór de mhionainmneacha Uíbh Ráthach curtha le chéile ag an Dr Breandán Ó Ciobháin, Ceann Trá, Co. Chiarrai, ach deir sé liom nár tháinig sé riamh ar ‘Lios Beannchair’, cé gur chaith sé seal á lorg.
25. Féach, m. sh., T.J. Barrington, *Discovering Kerry* (Dublin 1976) 271.
26. Edmund Hogan, *Onomasticon Goedelicum* (Dublin 1910) 492. *In colle Anbhogaidh* aistriúchán Laidne John Lynch (féach J. O’Donovan, *The Genealogies, Tribes, and Customs of Hy-Fiachrach* (Dublin 1844) 434).
27. T.F. O’Rahilly, ‘Irish poets, historians, and judges in English documents, 1538-1615’, *Proceedings of the Royal Irish Academy*, 36 C (1922) 86-120.

28. *Calendar of State Papers Ireland 1588-92*, 537.
29. W.M. Hennessy, B. Mac Carthy, eag., *Annála Ulladh: The Annals of Ulster* (4 iml., Dublin 1887-1901) iii, 68, 272.
30. Seán Mac Airt, eag., *Leabhar Branach: The Book of the O'Byrnes* (Dublin 1944).
31. LS F.1.18 (804) 1. 47.
32. Liam Price, *The Place-Names of Co. Wicklow* (Dublin 1945-67) 388.
33. ARE v, 1702.
34. Féach D. Ó Murchadha, 'Where was Ráith Breasail?', *Tipperary Historical Journal* 1999, 151-161.
35. E.C. Mac Giolla Éain, *Dánta Amhráin is Caointe Sheathrúin Céitinn* (Baile Átha Cliath 1900).
36. John Mac Erlean, 'Synod of Ráith Breasail', *Archivum Hibernicum* 3 (1914) 1-33.
37. Liam Price, op. cit., 177.
38. Ibid., xxiii.
39. *The Book of Mac Cáraigh Riabhach, otherwise the Book of Lismore*, Facs., réamhrá le R.A.S. Macalister (Dublin 1950) 197ra29, 197rb12-14.
40. W.M. Hennessy, eag., *Chronicum Scotorum* (London 1866) 314.
41. Paul Walsh, *The Placenames of Westmeath* (Dublin 1957) 234-5.
42. Wm. Reeves, *Ecclesiastical Antiquities of Down, Connor, and Dromore* (Dublin 1847) 253. (Ceann de bhríonna 'colbha' is ea 'colún').
43. Ibid., 193.
44. A.J. Hughes, R.J. Hannan, eag., *Place-Names of Northern Ireland* iml. 2 (Belfast 1992) 171-2.
45. Ibid.
46. ARE s.a. 891 (i, 548).
47. Owen O'Kelly, *A history of County Kilkenny* (Kilkenny 1969) 25.
48. Wm. Reeves, eag., *Acts of Archbishop Colton in his Metropolitan Visitation of the Diocese of Derry* (Dublin 1850) 127.
49. P. Ó Maolagáin, 'Sliabh Larga and Cuaille Ciannachta in the synod of Rath Breasail', *County Louth Archaeological Journal* 11 (1945-48) 37-40.
50. Séamus Ó Ceallaigh, 'The northern boundary of the archdiocese of Armagh', *Seanchas Ardmhacha* 1 (1954) 54-64 (58).
51. Ciarán Devlin, 'The formation of the diocese', i H.A. Jefferies, C. Devlin, eag., *History of the Diocese of Derry from earliest times* (Dublin 2000) 94-6.
52. Breandán Ó Cíobháin, 'Deoise Ard Mhacha sa dara chéad déag', *Seanchas Ard Mhacha* 9 (Uimh. 1, 1978) 51-69 (64-5).
53. 'Aughmore' an litriú ar an gcéad eagrán (1840) den léarscáil SO 6" (Doire 35).
54. ARE ii, 1126.
55. Gwynn, *The Metrical Dindshenchas* iv, 86-9.
56. Tadhg Ó Cianáin (eag. P. Walsh), *The Flight of the Earls* (Maynooth/Dublin 1916) 6.
57. P. Ó Gallachair, 'The parish of Carn', *Clogher Record* 8 (1973-75) 301-380 (336).
58. Féach S.J. Smith et al., *The Lakes of Northern Ireland: an annotated inventory* (Belfast 1991) 11.
59. Ní heol dom cá bhfuair MacE (*Archiv. Hib.* 3, 21-2) cuntas seo Charles MacNeill.
60. Reeves, *Ecclesiastical Antiquities*, 264-9.
61. Féach 'Ollarba', alt liom féin a fhoilseofar in *Ainm* 9.
62. Fiachra Mac Gabhann, *Place-Names of Northern Ireland* iml. 7 (Belfast 1997) 198-200.
63. Charles McNeill, eag., *Registrum de Kilmainham* (Dublin n.d.) 140.
64. *Calendar of Documents, Ireland, 1302-1307*, 248.
65. K.W. Nicholls, eag., *The O Doyne (Ó Duinn) manuscript* (Dublin 1983) 114, 135.
66. C McGrath, *Collectanea Hibernica* 2, 15-6; cóip eile (as LS RIA 23P.61) i gcló ag K.W. Nicholls, op. cit., 116-7.
67. *Calendar of Papal Registers relating to Great Britain and Ireland: Papal Letters* (18 n-iml.). Baineadh na tagairtí thíosluaithe as na himl. seo leanas, faoi seach: v, 298; vii, 158; viii, 200; viii, 337; xii, 480; xiv, 184; xv, 197; xv, 215; xviii, 255.

68. Féach n. 66.
69. Cf. 'Rosfarchan', 1587 (Fiant Eliz. 5100), Rosfaraghan (*Ros Faracháin*) inniu, bf. i gCo. Uíbh Fhailí, c. 25 míle slí ó Rosenallis.
70. *The Irish Fians of the Tudor Sovereigns* (4 iml., Dublin 1994) Fiant Hen. VIII, 390; Fiant Edw. II, 1139; Fiant Eliz., 2208.
71. Nicholls, op. cit., 33, 138, 13.
72. Mac Erlean, loc. cit., 29.
73. John Colgan, *Trias Thaumaturga* (Louvain 1647) 165.
74. OS Lett., Queen's Co., 68.
75. *Dinnseanchas* 2 (1966) 29-39 (32).
76. P.S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* 36; féach leis D. Fitzgerald, *Revue Celtique* 4 (1879) 190n.
77. Price, op. cit., xxiii.
78. Féach D. Ó Murchadha, 'Cenn Ebrat, Sliab Caín, Belach Ebrat, Belach Legtha/Lechta' *Éigse* 29 (1996) 153-171 (163-4).
79. LS TCD H.5.22, l. 127.
80. Féach, m. sh., P. Ó Maolagáin, *Co. Louth Arch. Jnl* 11 (1945-48) agus *Clogher Record* 1 (1953-56) 1; S. Ó Ceallaigh, *Seanchas Ardmhacha* 1 (1954) 57; P. Ó Gallachair, *Clogher Record* 8 (1973-75) 336; C. Devlin, *Hist. of the Dioc. of Derry* (2000) 94.

(Is mian liom mo bhuiochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe i LOCUS i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, i. Pádraig Ó Riain agus Caoimhín Ó Muirigh, a cheartaigh an chéad dréacht den aiste seo dom. Ach má tá míchruinneas ar bith sa téacs, mé féin atá freagrach as).